Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/3047

13.5.2024

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Séú Dlísheomra) an 14 Márta 2024 – an Coimisiún Eorpach v Ríocht na Spáinne**

**(Cás C-576/22)** ([1])

***(Mainneachtain Ballstáit ina chuid oibleagáidí a chomhlíonadh – Treoir 91/676/CEE – Airteagal 3(4) – Airteagal 5(4) – Iarscríbhinn II(A)(2) agus (5) – Iarscríbhinn II(B)(9) – Iarscríbhinn III(1)(2) agus (3) agus Iarscríbhinn III(2) – Airteagal 5(5) – Uiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta – Athbhreithniú ar liosta de na limistéir leochaileacha ó thaobh níotráit – Bearta éigeantacha dá bhforáiltear i gcláir ghníomhaíochta – Bearta breise nó bearta treisithe)***

(C/2024/3047)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaí: C. Hermes agus E. Sanfrutos Cano, Gníomhairí)

*Cosantóir:* Ríocht na Spáinne (ionadaí: A. Ballesteros Panizo, Gníomhaire)

**An chuid oibríochtúil**

1) — Trí mhainneachtain a ainmniú mar limistéir leochaileacha in Comunidad Autónoma de las Islas Baleares (Comhphobal Féinrialaitheach na nOileán Bailéarach, an Spáinn), in Comunidad de Madrid (Comhphobal Mhaidrid, an Spáinn) agus in Comunidad Valenciana (Comhphobal Valencia, an Spáinn), dobharcheantair uisce trí rith chun srutha (uisce dromchla) nó trí insíothlú (screamhuisce) a fhreagraíonn do gach ceann de na pointí tomhais truaillithe seo a leanas:

   — Comhphobal Féinrialaitheach na nOileán Baléarach: 1801M1T 1, ES 53M0137, ES 53M1123 agus ES 53M1205,

   — Comhphobal Mhaidrid: TA 53306008, agus

   — Comhphobal Valencia: JU210, JU209 agus JU202;

— trí mhainneachtain foráil a dhéanamh do na bearta éigeantacha uile is gá i gcláir ghníomhaíochta Comunidad Autónoma de Aragón (Comhphobal Féinrialaitheach na hAragóine, an Spáinn), in Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha (Comhphobal Féinrialaitheach Castilla-La Mancha, an Spáinn), in Comunidad de Castilla y León (Comhphobal Féinrialaitheach Castilla y León, an Spáinn), ag Comunidad Autónoma de Extremadura (Comhphobal Féinrialaitheach Extremadura, an Spáinn) agus ag Comhphobal Mhaidrid, agus

— trí mhainneachtain na bearta breise nó treisithe is gá a ghlacadh maidir le truailliú níotráite i gComhphobal Féinrialaitheacha na hAragóine, Castilla-La Mancha, Castilla y León agus Comunidad Autónoma de la Región de Murcia (Comhphobal Féinrialaitheach Réigiún Murcia, an Spáinn),

níor chomhlíon Ríocht na Spáinne a hoibleagáidí faoi Airteagal 3(4) de Threoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1137/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008, Airteagal 5(4) den treoir sin, arna leasú, arna léamh i dteannta Iarscríbhinní II agus III a ghabhann léi, agus Airteagal 5(5) den treoir sin, arna leasú;

2) Diúltaítear don chuid eile don chaingean;

3) Ordaítear don Choimisiún Eorpach agus do Ríocht na Spáinne a gcostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 418, 31.10.2022.